ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Dréachtscéim *Fuaim & Fís 4*

Comhairliúchán Poiblí

Méan Fómhair 2019

Clár Ábhar

Cuid 1 – Maidir leis an gComhairliúchán 3

Cuid 2 – *Fuaim agus Fís*: Scéim Nua (Dréacht) 6

Cuid 3 – Athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 3*: Príomhmholtaí 23

Cuid 4 – Ceisteanna comhairliúcháin 28

Cuid 1: Maidir leis an gComhairliúchán

Réamhrá

Fáilte chuig an gcomhairliúchán ar dhréachtcháipéis de chuid Údarás Chraolacháin na hÉireann don Scéim Cistithe Craolacháin, *Fuaim agus Fís 4.* Sa cháipéis seo, leagtar amach an scéim cistithe nua do chláir atáthar á moladh agus a thógfaidh áit na scéime reatha, *Fuaim agus Fís 3*, don tréimhse 2020 – 2024.

Tá an BAI anois ag cur fáilte roimh thuairimí maidir leis an ábhar molta don dréachtcháipéis *Fuaim agus Fís 4* mar chuid de phróiseas comhairliúchán poiblí. Beidh aird ag an Údarás ar na hachainí a fhaightear mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí seo ina gcuid cinntí agus an leagan críochnúil á dhearadh aige.

Céard iad na Scéimeanna Cistithe Craolacháin?

Tá dhá scéim á feidhmiú ag Údarás Chraolacháin na hÉireann ("BAI") faoi láthair chun airgead a bhaineann leis an gCiste Craoltóireachta a dháileadh amach; scéim do chláir; *Fuaim agus Fís 3;* agus scéim cartlainne, *Scéime Cartlainne 2*. Úsáidtear 7% den airgead glan a fhaightear ón táille cheadúnais teilifíse chun an dá scéim a mhaoiniú agus ní mór toiliú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ("an tAire") a fháil ina leith.

Céard é Fís agus Fuaim?

Is scéimeanna tacaíochta iad na scéimeanna *Fuaim agus Fís*. Bunaíodh iad d'fhonn maoiniú a sholáthar agus tacú le cláracha ar ardchaighdeán a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus saol na hÉireann. Tacaítear freisin le cláracha chun litearthacht daoine fásta agus an litearthacht mheáin, an fheasacht phoiblí agus tuiscint ar fhadhbanna domhanda a bhfuil tionchar acu ar an Stát, a fheabhsú.

Tá an scéim reatha, *Fuaim agus Fís 3*, i bhfeidhm ó 2015 agus le linn na tréimhse sin críochnaíodh 10 mbabhta maoinithe a thug maoiniú do 1,200 tionscadal, ar fiú €54.8m iad. Chuidigh an scéim le maoiniú a sholáthar d'fhonn 2,664 uair an chloig de chláir Éireannacha a chraoladh ar an teilifís agus ar an raidió, cláir a thaitin go mór leis an lucht féachana agus éisteachta Éireannach. Anuas air sin, tá maoiniú ar fiú €207,505 é údaraithe do 10 dtionscadal eile de réir forálacha coimhdeacha na Scéime.

Cén fáth a bhfuil an BAI i mbun comhairliúcháin anois maidir le *Fuaim agus Fís 4*?

Chríochnaigh an BAI Athbhreithniú Reachtúil ar *Fuaim agus Fís 3* i mí Meitheamh 2019. Cuireadh tús leis an athbhreithniú in Nollaig 2018 agus ceapadh an comhlacht taighde *Mediatique* chun:

1. Measúnú a dhéanamh ar **fheidhmíocht, éifeachtúlacht** agus **tionchar** *Fuaim agus Fís 3* i bhfianaise a cuid spriocanna, idir inmheánach agus seachtrach;
2. Feabhsúcháin molta a aithint i gcomhthéacs na Scéime reatha;
3. Moltaí a sholáthar d'aon scéim nua a d'fhéadfadh áit *Fuaim agus Fís 3* a thógail; agus
4. A chur in iúl cén chaoi a bhféadfaí an scéim a athrú agus a fheabhsú as seo go ceann 5 nó 10 bliana chun a chinntiú go bhfanann sí ábhartha agus freagrúil d'earnáil na meán, earnáil a bhíonn ag síorathrú.

Thug *Mediatique* faoin athbhreithniú le linn an chéad leath de 2019 agus d'fhoilsigh tuarascáil a phléann éifeachtúlacht, tionchar, feidhmiú agus inmharthanacht na scéime cistithe do chláir. Déantar sraith moltaí sa tuairisc seo i bhfianaise an athbhreithnithe sin.

Phléigh an tÚdarás an t-athbhreithniú, an tuarascáil a foilsíodh air agus aon cheisteanna ábhartha. Thug sé na nithe seo go léir i gcuntas agus an phlécháipéis seo ar an scéim nua, *Fuaim agus Fís 4*, á foilsiú aige.

Tá achoimre ar ar chíor an tÚdarás, chomh maith le tuarascáil *Mediatique* ar fáil ar www.bai/ie/ga/nuacht-eolas/fiolseachain nó www.bai.ie/ga/comhairliuchain

Tá an BAI ag lorg tuaraimí ó aon ghrúpa suime maidir le forálacha *Fuaim agus Fís 4* sula bhfoilseofar an leagan críochnúil di. Iarrtar ar an bpobal agus ar ghrúpaí suime an phlécháipéis a léamh agus na ceisteanna a leagtar síos i gCuid 4 a mheas.

Céard iad na príomhábhair sa chomhairliúchán seo?

Tháinig líon áirithe torthaí agus moltaí chun solais le linn an phróisis comhairliúcháin. Rinne an BAI iarracht freagra a thabhairt ar na hábhair seo in *Fuaim agus Fís 4*. Dá réir sin, moltar nár cheart aon leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht phríomha. Bunaithe ar an méid sin, is beag líon na n-athraithe atáthar á moladh do dhoiciméad polasaí na Scéime. Pléann formhór na moltaí leathadh amach aon scéim nua. Foilseoidh an BAI an cháipéisíocht tacaíochta d'aon Scéim nua níos deireanaí i mbliana agus rachaidh sé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ag an am sin.

Baineann an comhairliúchán seo le doiciméad polasaí na Scéime amháin. Mar sin de, iarrtar aiseolas ar na hábhair seo a leanas faoi láthair:

1) Cur i bhfeidhm an phrionsabail '*Digiteach chun tosaigh'*
2) Athstruchtúrú ar na forálacha coimhdeacha
3) Beartais tacaíochta maoinithe d'fhonn an chraoltóireacht phobail agus áitiúil a fhorbairt
4) Corás pointe a chruthú chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar bhealach cothrom
5) Tuaraimí ginearálta ar an dréachtcháipéis polasaí don Scéim

Forbróidh an BAI pleananna agus treoracha chun tacú le *Fuaim agus Fís 4* a chur i bhfeidhm le linn na dtrí mhí deiridh de 2019 agus na dtrí mhí tosaigh de 2020. Rachaidh an BAI i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ag an am seo agus pleanálfar cruinnithe rialta freisin.

Pléitear go beacht na moltaí a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin seo, mar aon le cur chuige ginearálta an BAI i gCuid a 3[1]. Ba cheart d'fhreagróirí a chinntiú go bhfuil an chuid seo léite acu mar go leagann sé síos na hábhair reatha atá le plé faoi láthair. Tá fáil ar na ceisteanna comhairliúcháin i gCuid 4[2].

Is féidir teacht ar shonraí maidir leis an gcaoi ar cheart achainí a sheoladh isteach anseo thíos agus ar shuíomh gréasáin an BAI ag www.bai.ie/ga/comhairliuchain.

[1] Leathanaigh 23 – 27.
[2] Leathanaigh 28 – 29.

Struchtúr na plécháipéise

Bristear síos an phlécháipéis ina trí chuid, mar seo a leanas:

Cuid 2: Léirítear anseo dréachtscéim *Fuaim agus Fís 4*. Cuireadh línte faoi hathraithe suntasacha agus úsáideadh dúch trom dóibh freisin.

Cuid 3: Sonraítear anseo na príomhthorthaí a d'eascair as an athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 3* a rinne *Mediatique*, an cur chuige a thógfaidh an BAI as seo amach agus na hábhair atá le plé le linn an chomhairliúcháin.

Cuid 4: Anseo a thiocfar ar na ceisteanna gur mian linn freagra a fháil faoi dtaobh dóibh.

Cén chaoi achainí a sheoladh isteach

Fáiltíonn an BAI roimh d'achainí mar fhreagra ar an gcomhairliúchán roimh Dé Máirt, 5 Samhain 2019.

Féadfar achainí a sheoladh cúig consultations@bai.ie nó féadfar foirm ar-líne a líonadh isteach ag www.bai.ie/ga/comhairliuchain. Féadfar achainí a sheoladh tríd an bpost chuig an seoladh seo:

Fuaim agus Fís 4 – Comhairliúchán,
Údarás Craolacháin na hÉireann,
2 – 5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2.

Foilsiú Achainí

Foilseoidh an BAI na hachainí a fhaightear le linn an chomhairliúcháin seo ar www.bai.ie/ga i ndiaidh dó an leagan críochnúil de *Fuaim agus Fís 4* a chur amach. Leis seo, foilseofar d'ainm agus ábhar d'achainí. Beidh an méid seo ag brath ar shonraí a d'fhéadfadh glacadh leis gur shonraí pearsanta, rúnda iad nó gur fhaisnéis a tugadh faoi rún, chun na críche seo cloífear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus leis na hAchtanna agus na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí.

Saoráil Faisnéise

Geallann an BAI go ndéanfaidh sé a dhícheall aon fhaisnéis a roinn tú i d'achainí a choinneáil faoi rún, ag brath ar na ceanglais dlí atá air, mar shampla na ceanglais atá air faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mura mian leat go nochtfar aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú i d'achainí mar gheall ar chúinsí príobháideachais, ba cheart duit an fhaisnéis sin a shonrú go cruinn agus tú ag seoladh isteach d'achainí agus ba cheart duit na cúiseanna príobháideachais a bhaineann léi a lua freisin. Rachaidh an BAI i gcomhairle leat maidir leis an bhfaisnéis áirithe seo sula ndéanfar aon chinneadh i leith iarratais um Shaoráil faisnéise a fhaightear.

Cosaint Sonraí

Cloífidh an BAI lena gcuid dualgas faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, GDPR agus aon Acht nó Rialachán eile ábhartha.

Cuid 2: Dréachtscéim Nua *Fuaim agus Fís*

Ráiteas tosaigh an BAI:

B'iad na nithe seo a leanas an túsphointe d'fhorbairt *Fuaim agus Fís 4*: an reachtaíocht, an scéim reatha *Fuaim agus Fís 3* agus torthaí an phróisis athbhreithnithe reachtúla (i. an tuarascáil ó na comhairleoirí seachtracha agus an tuarascáil a rinne an tÚdarás ina dhiaidh).

Tá struchtúr *Fuaim agus Fís 4* an-chosúil le *Fuaim agus Fís 3* mar go mbunaíodh cuid mhaith de na forálacha laistigh dhi ar an reachtaíocht. Sonraíodh sa tuarascáil athbhreithnithe nach raibh aon ghá le hathruithe reachtúla ag an tráth seo. Seo a leanas na hathruithe suntasacha don scéim atáthar á moladh:

1. An Prionsabal '*Digiteach chun tosaigh'* (lch. 23): Tá an BAI ag déanamh a mhachnamh faoina gceadóidh sé d'iarratasóirí cláracha a fuair maoiniú ó *Fuaim agus Fís 4* a dháileadh ar an ngréasán, ina n-iomláine nó i gcodanna, sula gcraoltar ar an aer iad le linn príomh-ama.

   Tá an BAI ag lorg tuaraimí ar '*Digiteach chun tosaigh'*, is é sin, an bhfuil sé cuí agus má tá, cén sórt cleachtais a d'fhéadfadh an BAI forbairt d'fhonn an prionsabal '*Digiteach chun tosaigh'* a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach?

2. Athstruchtúrú ar bheartais choimhdeacha (lch. 24): Molann an BAI úsáid níos mó a bhaint as beartais choimhdeacha ó dhearcadh straitéiseach. Mar chuid de seo, forbrófar a leithéid de bheartais chun a chinntiú go mbaintear amach spriocanna na scéime cistithe. Dá bhrí sin, faoin scéim nua, moltar go ndíreofar ar thograí a bhaineann leis an litearthacht mheáin, litearthacht dhaoine fásta agus ceisteanna domhanda. Bhí tearcionadaíocht ar na spriocanna seo faoi *Fuaim agus Fís 3*. Déanfaidh an tÚdarás iarrachtaí comhpháirtíochtaí a bhunadh le heagrais a bhfuil an dearcadh céanna acu maidir leis an dá sprioc seo.

   Anuas air sin, molann an tÚdarás níos mó a dhéanamh d'fhonn tacú leis an gcraoltóireacht pobail agus áitiúil. Forbróidh an tÚdarás beartais choimhdeacha sonracha ina leith seo, ina measc maoiniú a chur ar leataobh do chraoltóirí pobail.

   Tá an BAI ag lorg tuaraimí ar an gcur chuige nua seo i leith na mbeartas coimhdeacha agus d'fháilteodh sé roimh aon aiseolas ar na pointí seo a leanas:

   2.1 An bhfuil moladh a leagfas béim ar na beartais seo, d'fhonn na spriocanna i leith a) an litearthacht do dhaoine fásta/mheáin agus b) ceisteanna domhanda a bhaint amach, cuí? Má tá, cé hiad na cleachtais a d'fhéadfadh an BAI glacadh leo d'fhonn na spriocanna seo a bhaint amach?
   2.2 Ar cheart don BAI beartais choimhdeacha ar leith a fhorbairt d'fhonn a) tacú leis an gcraoltóireacht pobail agus b) leis an gcraoltóireacht áitiúil? Más cheart, cén chur chuige nó chur chuigí a bheadh inmholta do thograí

maoinithe mar seo i do thuairim. Déan cur síos ar do réasúnaíocht, le do thoil.

3. Beartas tacaíochta don chraoltóireacht pobail agus áitiúil (lch. 24): Tá an BAI ag moladh tograí maoinithe a fhorbairt chun leanúint le tacú leis an gcraoltóireacht pobail agus áitiúil. Mar a leagtar amach faoi alt 2 thuas, moltar na tograí seo a fhorbairt i gcomhréir leis na beartais choimhdeacha.

   Tá an BAI ag lorg tuairimí faoina bhfuil gá le cur chuigí nua i leith maoiniú agus forbairt na craoltóireachta pobail agus áitiúla anuas ar aon bheartas coimhdeach nua, nó nach bhfuil. Má tá, cén chur chuigí nua i leith maoinithe don chraoltóireacht pobail agus áitiúil atá ann dar leatsa. Déan cur síos ar do réasúnaíocht, le do thoil.

4. Córas pointe nua a chur i bhfeidhm (lch. 24): Molann an BAI córas pointe foirmeálta a thabhairt isteach do chéimeanna measúnaithe an phróisis iarratais. Bunófar an córas ar na critéir don scéim a leagtar síos i gcáipéis na scéime agus mar aon leis sin, ar na critéir a leagtar síos sna doiciméid treoracha a fhoilsíodh don bhabhta maoinithe.

   Tá an BAI ag lorg tuairimí ar thabhairt isteach an chórais pointí seo, an bhfuil sé cuí agus an dtiocfaidh feabhas ar an aiseolas a thabharfaí d'iarratasóirí de bharr athrú mar seo?

5. Aiseolas ginearálta ar dhréachtcháipéis *Fuaim agus Fís 4*: Is mór ag an Údarás an ciste craoltóireachta atá dírithe ar chláracha ar ardchaighdeán a sholáthar, a thacaíonn le talann nua agus a léiríonn saol na hÉireann (sa bhaile agus thar lear) ar chuile bhealach. Cuireann an ciste seo le héagsúlacht agus caighdeán na gcláracha a chraoltar ar an aer in Éirinn. Dá bhrí sin, agus trí dhréachtú na scéime nua, ba mhian leis an Údarás tógáil ar rath na Scéime cistithe do chláracha.

   Tá an BAI ag lorg tuairimí ginearálta maidir leis an gcáipéis *Fuaim agus Fís 4*. Ar cheart aon rud eile a chur le *Fuaim agus Fís 4,* dar leat? Más ceart, mínigh d'fhreagra, le do thoil.

1. Brollach 9

2. Réamhrá 10

3. Ról an BAI 10

3.1 *Fuaim agus Fís 4* - Comhthéacs Reachtach 10

3.1.1 Catagóirí maoinithe na Scéime 10

3.1.2 Cuspóirí na Scéime 11

3.2 *Fuaim agus Fís 4* – Comhthéacs Straitéiseach 11

4. Scóip *Fuaim agus Fís 4* 12

4.1 Teilifís agus Raidió 12

4.2 Téamaí na gClár 12

4.3 Struchtúir agus Seánraí na gClár 13

4.4 Crítéir Incháilitheachta 14

4.5 Rochain Phoiblí ar Chláir Mhaoinithe 15

4.6 Beartais Choimhdeacha 16

5. Maoiniú 16

5.1 Leithdháileadh Cistí faoi *Fuaim agus Fís 4* 16

5.2 Uaschéatadán maoinithe ar fáil 16

5.3 Dualgais i dtaca le cúnamh Stáit do shaothair chlosamhairc san AE 17

5.4 Babhtaí Maoinithe 18

5.5 Maoiniú do chéimeanna eile den phróiseas léiriúcháin 18

5.6 Aisghábháil maoinithe 18

5.7 Aitheantas ar mhaoiniú 18

6. Iarratas, Measúnú agus Bronnadh an mhaoinithe 19

6.1 An Próiseas Iarratais 19

6.2 An Próiseas Measúnaithe 19

6.3 An Próiseas Bronnta 19

7. Athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 4* 20

Aguisín 1 - Creat Reachtaíochta 23

1. Brollach

Sa chuid seo, déanfaidh cathaoirleach an BAI cur síos ar phríomhchuspóirí agus ar phríomhspriocanna an Údaráis i leith *Fuaim agus Fís 4*.

2. Réamhrá

Is scéim tacaíochta do chláir í *Fuaim agus Fís 4.* Tá an scéim á feidhmiú ag an BAI agus tá sí á maoiniú ón táille ceadúnais teilifíse. Ceann de na cuspóirí atá ag an Scéim seo is ea tacú le cruthú cláir inrochtana a léiríonn cultúr, stair, teanga agus éagsúlacht na hÉireann; cláir a bhfuil cuspóir chultúrtha agus/nó phobail acu do lucht féachana Éireannach leathan. Seo é an ceathrú sprioc atá ag an Scéim[3].

Sa cháipéis seo, leagtar síos príomhphointí na Scéime i dtéarmaí ról Údaráis Chraolacháin na hÉireann ("BAI"), na cuspóirí, a scóip, an maoiniú atá ar fáil agus na próisis oibríochta. Foilseoidh an BAI doiciméid tacaíochta d'iarratasóirí maidir leis na babhtaí maoinithe agus aon fhorbairtí eile ar bhonn rialta le linn shaolré na Scéime.

3. Ról an BAI

Déantar foráil i gCuid 10 den Acht Craolacháin, 2009 ("an tAcht") chun 7% de na glanfháltais táille cheadúnas teilifíse a íoc amach ("an Ciste Craolacháin") trí Scéim maoinithe, nó trí scéimeanna arna bhforbairt agus arna mbainistiú ag Údarás Craolacháin na hÉireann ("an BAI") agus arna bhfaomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("an tAire"). Cuimsíonn an Ciste riarachán aon scéim, nó scéimeanna, mar aon le deontais maoinithe. Sa chás nach n-íocann an BAI an leithdháileadh iomlán maoinithe in aon bhliain amháin, féadtar an t-airgead sin a thabhairt anonn lena íoc amach sa bhliain ina dhiaidh sin.

3.1 *Fuaim agus Fís 4* - Comhthéacs Reachtach

3.1.1 Catagóirí maoinithe na Scéime

Foráiltear in Alt 154(1) den Acht[4] go réiteoidh agus go gcuirfidh an BAI scéim nó scéimeanna faoi bhráid an Aire chun cistí a dheonú chun tacú le gach clársceidealú nó le haon cheann den chlársceidealú a leanas:

a) Cláir nua theilifíse nó chraolachán fuaime, lena n-áirítear príomhscannáin, beochan agus dráma ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, lena n-áirítear-

(i) Stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le ceantair, grúpaí nó gnéithe d'eispéireas, gníomhaíocht nó tionchar ar leith);
(ii) Foirgnimh stairiúla;
(iii) An comhshaol nádúrtha;
(iv) Oidhreacht tíre, tuaithe agus dúchais;
(v) Na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha;
(vi) An Ghaeilge;
(vii) Eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta;

b) Cláir nua theilifíse nó chraolacháin fuaime chun feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó na mean;

[3] D'fheidhmigh *Fuaim agus Fís I* idir 2005 agus 2009, *II* idir 2010 agus 2014, agus *III* idir 2015 agus 2019.
[4] Leagtar amach príomhfhorálacha an Achta Chraolacháin 2009 in Aguisín I.

c) Cláir nua theilifíse nó chraolacháin fuaime a mhúsclaíonn feasacht agus tuiscint phoiblí ar shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha eile seachas an Stát;

d) Cláir faoi ailt (a), (b) agus (c) sa Ghaeilge agus,

e) Na beartais choimhdeacha siúd a theastaíonn chun tacú le scéimeanna arna réiteach faoi ailt (a), (b), (c) agus (d) thuas.

Forálann Alt 154(5) den Acht, go bhféadfaidh an tÚdarás, agus scéim á réiteach acu, aird a bheith acu ar riachtanais forbartha craoltóirí pobail.

Forálann Alt 154(6) den Acht go mbeidh aird ag an Údarás, agus scéim á réiteach acu, ar thuiscint agus ar thaitneamh a bhaint as cláir theilifíse faoin scéim ag daoine atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu.

3.1.2 Cuspóirí na Scéime

Tagann cuspóirí na Scéime ó Alt 155 den Acht, seo mar a leanas iad:

- **Caighdeán:** Cláir ardchaighdeáin a fhorbairt bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann
- **An Ghaeilge:** Na cláir seo a fhorbairt sa Ghaeilge;
- **Fáil ar Chláir:** An fháil a mhéadú atá ar chláir dá dtagraítear in ailt (a) agus (b) don lucht féachana sa Stát;
- **Ilghnéitheacht:** Ionadaíocht a dhéanamh d'éagsúlacht an chultúir agus na hoidhreachta Éireannaí;
- **Oidhreacht:** Oidhreacht bhéil na hÉireann agus gnéithe d'oidhreacht na hÉireann a thaifeadadh atá ag éirí scáinte, atá faoi bhagairt, nó nár taifeadadh roimhe seo, agus,
- **Craoltóireacht áitiúil agus pobail:** An chraoltóireacht áitiúil agus pobail a fhorbairt.

3.2 *Fuaim agus Fís 4* – Comhthéacs Straitéiseach

Luaitear sprioc tábhachtach i ráiteas straitéise an Údaráis, is é sin *'ábhair ilchineálacha agus cultúrtha atá ábhartha do lucht féachana/éisteachta Éireannacha a spreagadh'*. Tacaíonn na trí chuspóirí straitéiseacha a leanas le baint amach na sprice seo:

(i) Léiriúcháin agus Fáil ar chláir cultúrtha atá ábhartha do lucht féachana/éisteachta Éireannach a mhéadú
(ii) Cláir Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a spreagadh
(iii) Meán chumarsáide atá inrochtana do mhuintir na hÉireann agus a dhéanann ionadaíocht ar ilghnéitheacht ar Éireannaigh.

Sa chomhthéacs seo, trí scéimeanna do chláir a fhorbairt agus a fhoilsiú faoin gCiste Craolacháin, tá sé mar aidhm ag an Údarás a chinntiú go dtagann méadú ar *réimse agus ar fhoinsí na gclár raidió agus teilifíse cultúrtha atá ábhartha agus ar ardchaighdeán, cláir Ghaeilge san áireamh, atá ar fáil do lucht féachana/éisteachta Éireannach* agus go bhfuil *níos mó ilghnéitheacht le*

feiceáil sna meáin chlosamhairc in Éirinn i dtéarmaí na hábhair a léirítear agus i dtéarmaí na ndaoine féin atá bainteach le léiriú na gclár.

Agus an Scéim Maoinithe Craolacháin á cur i bhfeidhm ag an BAI, tá sí ag glacadh le cur chuige straitéiseach leathan i dtaca le cur i bhfeidhm scéimeanna faoin gCiste Craolacháin bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas:

(i) Struchtúir a bhunadh a dhíríonn ar phríomhthosaíochtaí an Achta agus a chinntíonn go ndéantar leithdháileadh éifeachtach ar mhaoiniú;
(ii) Naisc láidre agus meicníochtaí a fhorbairt d'fhonn idirphlé a chruthú leis an earnáil chraoltóireachta agus le gníomhaireachtaí poiblí eile chun treochtaí sa chraoltóireacht agus sna hearnálacha eile a thuiscint agus chun tacú le cinntí a thógail a bhaineann le huimhreacha agus le struchtúr scéimeanna.
(iii) Solúbthacht laistigh de struchtúir scéimeanna a choinneáil chun a chinntiú go bhfuil cúrsaí riaracháin agus bainistíochta an Chiste á ndéanamh go héifeachtach chun dul i ngleic le riachtanais na hearnála craoltóireachta agus chun a chinntiú go mbaintear amach cuspóirí an Achta.

Tá bunluachanna mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige an BAI i leith scéim a fheidhmiú. Chun na críche sin, geallann an BAI go mbeidh sé:

- Cothrom – ó thaobh próisis, nósanna imeachta agus cinntí de.
- Neamhspleách – feidhmeoidh sé mar rialálaí neamhchlaonta.
- Ina shaineolaí – trí chur lena chuid eolais, trí thaighde a dhéanamh agus trí ghealltanas a thabhairt bheith ag síorfhoghlaim faoin ngairm feasta.
- Freagrach – as a chinntí, a rialachas agus a chuid acmhainní.

Ceisteanna Comhairliúcháin

1. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige an BAI oiriúnach i gcónaí i gcomhthéacs:
   a. na cuspóirí na Scéime?
   b. na Cuspóirí Straitéiseacha an BAI?

Tabhair do réasúnaíocht le do thoil.

4. Scóip *Fuaim agus Fís 4*

4.1 Teilifís agus Raidió

Tacóidh *Fuaim agus Fís 4* le cláir raidió agus theilifíse ar chainéil chraolacháin phoiblí, tráchtála agus phobail a chomhlíonann na ceanglais reachtaíochta i dtaca le fáil bheith ag lucht féachana Éireannach orthu (féach 'craoltóirí incháilithe' i gcuid 4.4 thíos).

4.2 Téamaí na gClár

Cuireann *Fuaim agus Fís 4* tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun cláir nua theilifíse agus raidió a chur i dtoll a chéile ar na ceithre théama a leanas. Léiríonn seo forálacha Acht 2009 agus glacann an BAI le hiarratais ar chláir ar théama aonair nó ar chláir a chuimsíonn roinnt téamaí araon.

(a) Cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann

Cuireann an reachtaíocht na samplaí a leanas ar fáil d'ábhair chláir a bhaineann leis na téamaí seo agus tugtar breac-chuntas orthu seo thíos mar thagairt.

- Stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le ceantair, grúpaí nó gnéithe d'eispéireas, gníomhaíocht nó tionchar ar leith);
- Foirgnimh stairiúla;
- An comhshaol nádúrtha;
- Oidhreacht tíre, tuaithe agus dúchais;
- Na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha;
- An Ghaeilge; agus,
- Eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta.

Ní hiad seo an t-aon chatagóirí cláir faoin téama seo ar féidir leis an gCiste tacú leo. Glacann an tÚdarás le meon fairsing ar chultúr na hÉireann agus áirítear leis a ghnéithe comhaimseartha go léir. Cuireann an reacht samplaí de théamaí cláir ar tairiscint, ach ní gá go mbeadh tograí cláir teoranta do na limistéir seo ag iarratasóirí. Is é an toradh idéalach don Chiste toradh ag a bhfuil cothromaíocht idir léiriú ar an aimsir atá caite in Éirinn agus aimsir bheoga na linne seo.

(b) Litearthacht Daoine Fásta nó Litearthacht sna Meáin

Ba cheart go ndíreofaí ábhair chláir i dtreo modhanna chun feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó litearthacht na meán. Is é an sainmhíniú a thugtar ar litearthacht daoine fásta ná labhairt, éisteacht, léamh, scríobh, uimhearthacht agus teicneolaíocht laethúil a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus chun faisnéis a láimhseáil. Is é an sainmhíniú a thugtar ar litearthacht na mean san Acht Craolacháin, 2009, tuiscint phoiblí níos fearr a bhaint amach ar chineál agus ar shaintréithe na meán craolta agus leictreonach ghaolmhar, an próiseas trína roghnaítear agus trína gcuirtear iad i dtoll a chéile, na córais rochtana atá ar fáil agus a rialáil.

(c) Saincheisteanna domhanda

Cláir a mhúsclaíonn feasacht agus tuiscint phoiblí ar shaincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an Stát agus ar thíortha eile seachas an Stát.

(d) an Ghaeilge

Cláir faoi (a), (b) agus (c) sa Ghaeilge.

4.3 Struchtúir agus Seánraí na gClár

Glacann an BAI le hiarratais a chuimsíonn gach formáid agus seánra clársceidealaithe seachas cláir a chuirtear i dtoll a chéile go príomha don nuacht agus cúrsaí reatha, amhail a fhoráiltear faoi Alt 154(d) den Acht Craolacháin, 2009.

4.4 Critéir Incháilitheachta

Féadfaidh craoltóirí teilifíse nó raidió nó táirgeoirí neamhspleáchas iarratais ar *Fuaim agus Fís 4* a sheoladh ar aghaidh. Shocraigh na critéir incháilitheachta an caighdeán íosta nach mór a bhaint amach d'fhonn bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú.

(a) Ceanglas chun craoladh a dhéanamh

Ní chisteoidh an BAI ach táirgeadh clár a dhéanfaidh craoltóir incháilithe a chraoladh. Ag céim an iarratais, is gnách go n-iarrfaidh an BAI go ginearálta ar iarratasóirí chun dearbhú a sholáthar go bhfuil comhaontú acu chun an clár a chraoladh ar aon dul le ceanglais na Scéime, e.g. sliotán oiriúnach ama. Féadfaidh an comhaontú seo bheith faoi réir chistiú an BAI a fháil agus seachadadh inghlactha an chláir.

I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, níl fáil ar mhaoiniú ach le haghaidh clár a dhéanfaidh craoltóirí áirithe a chraoladh, amhail a shonraítear a leanas:

Teilifís: ní mór dó seo bheith ar sheirbhís teilifíse saor in aisce, amhail a shainítear in Alt 153[5] den Acht Craolacháin 2009, a dhéanann foráil do chlúdach nach mór uilíoch sa Stát, nó soláthraí oiriúnach líonra, amhail a shainítear in Alt 77(1) den Acht Craolacháin, 2009, nó córas MMD mar chuid de chonradh um sholáthar ábhar pobail faoi Alt 72 den Acht Craolacháin, 2009.

Raidió: ní mór seo a sholáthar ar sheirbhísí craolacháin fuaime, amhail a shainítear in Acht 2009 faoi chonradh a dhéanann an tÚdarás, nó a oibríonn RTÉ.

Tá an ceart á chosaint ag an BAI chun an ceanglas a bhaineann le "litir ó chraoltóir" ag céim an iarratais a chealú i dtaca le hiarratais nó babhtaí áirithe má bhíonn siad sásta go gcabhróidh sé sin le cuspóirí na Scéime a bhaint amach.

Ceadaíonn an BAI i bprionsabal leithdháileadh cláir tríd bpictiúrlann nó ar an ngréasán (ina n-iomláine nó ina bpáirt) sula gcraoltar ar an teilifís nó ar an raidió iad. Tá dualgais ar leith ag baint leis na nósanna *'pictiúrlann chun tosaigh'* agus *'digiteach chun tosaigh'* mar a leagtar amach sna cáipéisí treoracha don Scéim.

***(b)** Buaic-Chraolachán*

I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, ní mór gach clár a chraoladh ag buaic-amanna. Is é an sainmhíniú a thugann an BAI ar bhuaic-amanna féachana agus éisteachta:

Teilifís - 18.00 – 23.30

Raidió - 07.00 – 21.00

Sonraítear na heisceachtaí leis an bprionsabal seo thíos:

[5] Ciallaíonn seirbhís teilifíse saor in aisce; seirbhís chraolacháin teilifíse nach ngearrann an soláthraí táille d'fhonn an tseirbhís sin a sholáthar, agus a bhfuil ar fáil do 90 faoin gcéad de dhaonra an Stáit ar a laghad.

(i) Tá cláir do leanaí díolmhaithe ón gceanglas buaic-ama sa chás nach gcraoltar na cláir sin ar chainéal tiomnaithe do leanaí. Saineoidh an BAI an buaic-am do na cainéil sin agus breithniú á dhéanamh aige ar thosca amhail cineál an chainéil agus na cláir a bhfuiltear ag tacú leo. Ní áiríonn an díolúine ghinearálta sin an tréimhse 00.00-07.00.

(ii) Tá cláir oideachasúla (lena n-áirítear cláir do dhaoine fásta/cláir litearthacht na meán ach gan a bheith teoranta dóibh) díolmhaithe ó bhuaic-am. Ní áiríonn an díolúine ghinearálta sin an tréimhse 00.00-07.00.

(iii) Is go dtí meán oíche a shíntear an ceanglas buaic-ama le haghaidh clár a chraoltar i nGaeilge (cibé acu ar an raidió nó ar an teilifís a chraoltar iad) agus le haghaidh cláir fadfhoirme ar an teilifís.

(c) Rochtain

D'fhonn tuiscint agus taitneamh a éascú ar chláir theilifíse ag daoine atá bodhar nó ag a bhfuil deacrachtaí éisteachta, ní mór go ndéanfaidh gach clár cistithe forálacha le haghaidh fotheidealú. Ba cheart go gcloífeadh an fotheidealú a sholáthraítear le Treoirlínte Fotheidealaithe an BAI. Tá sé beartaithe go gcraolfaí na fotheidil lena ngabhann gach uair a chraoltar an clár cistithe.

Tá fáil ag iarratasoirí ar chistiú ar mian leo Teanga na Comharthaíochta agus/nó seirbhísí clostuairisce a sholáthar. Baineann tábhacht leis na seirbhísí seo lena éascú do dhaoine atá bodhar nó dall nó a bhfuil radharc páirteach na súl acu taitneamh a bhaint as cláir theilifíse. Tá treoirlínte ag an BAI a bhaineann le gach ceann de na seirbhísí seo. Níl na seirbhísí seo éigeantach faoi láthair laistigh den Scéim, beidh sé de chuspóir ag an BAI, áfach, i gcaitheamh na Scéime seo, dreasacht a dhéanamh dá gcuimsiú, sa chás cuí, sna hiarratais a gheofar.

(d) Eisiamh

Ní bheidh cistiú ar fáil chun maoiniú a dhéanamh don mhéid a leanas:

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach le déanamh clár nó seachadadh.
- Chun trealamh nó áitreabh (cistiú caipitiúil) a cheannach[6].
- Dímheas.

4.5 Rochain Phoiblí ar Chláir Mhaoinithe

Cuid de phríomhchuspóir an BAI is ea rochtain phoiblí ar chlársceidealú faoin scéim agus fiosróidh an BAI bealaí lena chinntiú go bhfuil fáil ar an ábhar ar bhonn leanúnach don lucht féachana. Déanfar an ghníomhaíocht seo a chistiú ón gCiste Craolacháin. Rinneadh an clársceidealú go léir a maoiníodh trí *Fuaim agus Fís 1, 2 agus 3* a chartlannú le hInstitiúid Náisiúnta na Scannán, Éire agus is féidir é a rochtain ansin. Déanfar an lánas a mhaoinítear trí *Fuaim agus Fís 4* a chartlannú le hInstitiúid Náisiúnta na Scannán, Éire, freisin.

[6] D'fhéadfadh roinnt costais chaipitil bheidh i dteideal maoinithe, áfach, más craoltóir pobail nó grúpa pobail atá gníomhach i léiriúchán cláir an t-iarratasóir. Déanfar measúnú ar bhonn cás ar chás.

4.6 Beartais Choimhdeacha

Cuirfidh an BAI na bearta coimhdeacha siúd i bhfeidhm amhail a mheasann siad is gá chun tacú le baint amach chuspóirí na scéime seo. D'fhéadfadh sé sin na nithe seo a leanas a éascú cé nach bhfuil sé teoranta dóibh: bearta a chabhróidh le craoltóirí pobail na hoibleagáidí leasa shóisialta, **nó beartais d'fhonn tacú le litearthacht daoine fásta/nó litearthacht sna meáin nó tograí ar shaincheisteanna domhanda**, a chomhlíonadh agus/nó roinnt tacaíocht forbartha a sholáthar chun dul i ngleic le téamaí, seánraí nó formáidí nach ndéantar dóthain ionadaíochta dóibh sna hiarratais ghinearálta a fhaightear **agus/nó comhpháirtíochtaí a chruthú le forais den tuaraim céanna**.

Ceisteanna Comhairliúcháin

2. An bhfuil tú sásta le scóip na Scéime *Fuaim & Fís 4* atá molta mar atá leagtha amach? Tabhair do réasúnaíocht le do thoil.
3. Céard é do thuairim faoin bprionsabal '*digiteach chun tosaigh*'?
4. Má thacaíonn tú leis, cén chineál cleachtais a d'fhéadfadh an BAI glacadh leo d'fhonn an prionsabal seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach?
5. An gceapann tú go bhfuil sé oiriúnach go ndíreodh an tÚdarás a chur chuige maidir le cur i bhfeidhm beartais choimhdeacha agus go mbeadh níos mó béime ar chuspóirí na scéime; litearthacht daoine fásta, an litearthacht mheáin agus saincheisteanna domhanda? Mínigh d'fhreagra. Má cheapann, cén chineál cleachtais a d'fhéadfadh an BAI glacadh leo d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach?
6. Ar cheart don BAI beartais choimhdeacha ar leith a chruthú chun tacú le a) an chraoltóireacht pobail agus b) an chraoltóireacht áitiúil? Más cheart, dar leat céard é an cur chuige is fearr (nó céard iad na cur chuigí is fearr) do thograí maoinithe dá leithéid. Mínigh do réasúnaíocht, le do thoil.

5. Maoiniú

5.1 Leithdháileadh Cistí faoi *Fuaim agus Fís 4*

Is í an choibhéis reatha idir cistiú teilifíse agus raidió 85%:15%. Agus aird ar an difreálach ard costais idir léiriú teilifíse agus raidió, meastar go bhfuil an choibhéis sin oiriúnach den chuid is mó ag an am seo. Déanfaidh an BAI monatóireacht ghníomhach agus athbhreithniú ar an gcoibhéis sin thar shaolré na scéime ó thaobh na gcuspóirí de agus déanfar athrú uirthi, más gá. **Dá bhrí sin, féadfaidh an BAI beartais tacaíochta maoinithe a chur ar bonn d'fhonn cuidiú le forbairt na craoltóireachta, mar aon le craoltóirí áitiúla agus pobail.**

Leithdháilfear maoiniú 20% - 25% ar a laghad ar chláir i nGaeilge.

5.2 Uaschéatadán maoinithe ar fáil

Go ginearálta, leithdháileann an BAI deontais faoi *Fuaim agus Fís 4* a léiríonn a mhéid le 95% de na costais incháilithe don chlár. Ceanglaítear ar iarratasóirí sonraí iomlána a sholáthar maidir leis an leibhéal agus foinse mhaoinithe eile do gach gné den bhuiséad. Cuireann an mhaitrís a leanas sampla ar fáil de na céatadáin fhéideartha atá le leithdháileadh:

Cláir Raidió

Bronnadh íosta	Bronnadh uasta	Ní léireoidh an deontas a bhronnfar níos mó ná an céatadán a leanas den bhuiséad iomlán
	€20,000	A mhéid le 95%
€20,001	€40,000	A mhéid le 90%
€40,001	€55,000	A mhéid le 85%
Os cionn €55,001		Beidh idirghabháil le déanamh ar bhonn cás ar chás ach ní sháróidh sé 85%.

Cláir Teilifíse, scannáin san áireamh

Bronnadh íosta	Bronnadh uasta	Ní léireoidh an deontas a bhronnfar níos mó ná an céatadán a leanas den bhuiséad iomlán
	€50,000	A mhéid le 95%
€50,001	€250,000	A mhéid le 90%
€250,001	€750,000	A mhéid le 85%
Os cionn €750,001		Beidh idirghabháil le déanamh ar bhonn cás ar chás ach ní sháróidh sé 85%.

5.3 Dualgais i dtaca le cúnamh Stáit do shaothair chlosamhairc san AE

Faoi rialacháin an Choimisiúin Eorpaigh (CE) i dtaca le cúnamh stáit a sholáthar do scannáin agus do shaothair chlosamhairc eile, déantar teorainn 50% a leagan ar dhéine incheadaithe uasta fóirdheontais. Ghlac an Coimisiún Eorpach leis go dtagann na cláir a shonraítear faoin Acht Craolacháin, 2009 faoi na trí eisiamh leis an uasmhéid 50% a chuimsítear i dtreoirlínte an CE. Baineann an t-eisiamh seo le cláir atá deacair le déanamh, a bhfuil buiséad íseal acu nó a ghníomhaíonn in aghaidh an tsínte theoranta gheografaigh atá ag roinnt teangacha agus cultúr. Leagtar amach réasúnaíocht an BAI faoin eisiamh seo thíos.

(i) Deacair le déanamh

Baineann tábhacht chultúrtha leis na limistéir théamacha a shonraítear san Acht ach tharlódh nach bhfuil siad inmharthana nó mealltach i dtaobh cúrsaí tráchtála de. Dírítear fócas *Fuaim agus Fís 4* ar chláir ardchaighdeáin nach bhfuil á dtáirgeadh agus á gcraoladh faoi láthair do lucht féachana Éireannach.

(ii) Buiséad Íseal

Ceanglaíonn maoiniú cláir faoi *Fuaim agus Fís 4* go gcáilítear an clár amhail buiséad íseal a bheith aige d'fhonn cistiú Cúnamh Stáit a fháil os cionn 50% den bhuiséad iomlán. I gcomhthéacs na hÉireann, is í tuairim an BAI go gcaithfí leis an méid cistiú le haghaidh clár faoin maitrís thuas amhail bheith íseal, agus go gcáileofaí é, dá bharr, don díolúine i leith na rialacha Cúnamh Stáit.

(iii) Gníomhú in aghaidh an tsínte theoranta gheografaigh atá ag roinnt teangacha agus cultúr

Ceanglaíonn an tAcht Craolacháin, 2009 ar chistiú a sholáthar do chláir ar théamaí luaite a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, agus go háirithe, do thacaíocht clár sna limistéir théamacha seo sa Ghaeilge. Ghlac an Coimisiún Eorpach leis go bhfuil

"cúrsaíocht theoranta... laistigh den AE agus de mhargaí an domhain" ag na "táirgí cultúrtha" seo agus go bhfuil siad i dteideal déine chúnaimh sa bhreis ar 50% a fháil.

Anuas air sin, forálann rialacháin an AE go bhféadfadh ballstáit a cheangal go dtitfidh íosleibhéal gníomhaíocht táirgthe amach ina gcríoch d'fhonn cáiliú le haghaidh cúnamh deontais. I gcás saothar deacair nó saothair ísealbhuiséid, nó i gcás saothar a chuireann an Ghaeilge chun cinn, ceanglaíonn an BAI go ginearálta go gcaitear 160% den chúnamh deontais laistigh de chríoch Phoblacht na hÉireann. I gcásanna ina bhfuil an cúnamh a sholáthraíonn an BAI os cionn 50% den bhuiséad iomlán léirithe, ceanglaíonn an BAI go gcaitear 80% den bhuiséad iomlán léirithe laistigh d'Oileán na hÉireann.

D'fhéadfadh leibhéal níos ísle bheith inghlactha i gcásanna áirithe, mar shampla, nuair is ann do chúiseanna inchosanta eagarthóireachta nó nuair a bhíonn coimhlint idir ceanglais an BAI agus ceanglais na gcisteoirí eile.

5.4 Babhtaí Maoinithe

Go ginearálta, leithdháilfidh an BAI maoiniú agus trí úsáid a bhaint as córas babhtaí cistithe. Braitheann an líon babhtaí cistithe ar réimse tosca, lena n-áirítear riachtanais oibríochtúla don BAI.

5.5 Maoiniú do chéimeanna eile den phróiseas léiriúcháin

Ní sholáthraítear maoiniú a leithdháiltear maidir le clársceidealú raidió agus teilifíse faoi *Fuaim agus Fís* 4 ach amháin maidir le clársceidealú ar dóigh leis an BAI a dhéanfar a chraoladh. Ní chuireann an BAI, go ginearálta, ar an ábhar sin, fóirdheontas ar tairiscint ach do chéim tháirgthe déanamh cláir. Féadfaidh an BAI, áfach, faoi chúinsí teoranta, cistiú a leithdháileadh maidir le céimeanna eile táirgthe nuair a bhíonn an BAI sásta go dteastaíonn an tacaíocht sin chun cuspóirí na scéime a chomhlíonadh agus go gcomhlíonann an clársceidealú ábhartha gach critéir incháilitheachta eile.

5.6 Aisghábháil maoinithe

Go ginearálta, áireoidh an BAI clásal aisghabhála i ngach conradh a dhéantar faoi *Fuaim agus Fís 4.* Déanfar an maoiniú aisghafa go léir a athshannadh go díreach isteach sa Chiste Craolacháin agus beidh fáil air íoc amach breise a dhéanamh.

5.7 Aitheantas ar mhaoiniú

Ceanglaítear ar iarratasóirí a bhfuil maoiniú á fháil acu ón BAI, de réir conartha, chun an tacaíocht seo a aithint go foirmiúil i bhformáid is inghlactha leis an Údarás. Tá an ceart á chosaint ag an Údarás chun treoirlínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear na ceanglais ghonta ina leith seo.

Ceisteanna Comhairliúcháin

7. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige beartaithe maidir le maoiniú mar atá leagtha amach? An bhfuil aon athruithe ar leith ba chóir a chur san áireamh? Má tá, mínigh le do thoil.
8. An aontaíonn tú go bhfuil gá le cur chuigí nua d'fhonn an chraoltóireacht pobail agus áitiúil a fhorbairt? Má aontaíonn, dar leat cén chineálacha cur chuigí atá ann do mhaoiniú na craoltóireachta pobal agus áitiúil anuas ar an moladh chun beartais choimhdeacha nua a chruthú (féach ar cheisteanna (5) agus (6) ar leathanach 16)?

6. Iarratas, Measúnú agus Bronnadh an mhaoinithe

Is é an príomhábhar buartha don BAI go mbíonn na próisis iarratais, mheasúnaithe agus bhronnta trédhearcach, cothrom agus infhíoraithe. Chomhaontaigh agus d'oibrigh an BAI prionsabail fhairsinge maidir leis na próisis seo, faoi mar a leagtar amach thíos. Cuirfidh an BAI faisnéis maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conraitheoireacht agus íoc amach ar fáil go poiblí.

6.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an BAI faisnéis ar ghníomhaíochtaí maoinithe atá ag teacht aníos agus áireofar leis seo: sonraí ar conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis faoi incháilitheacht, amfhrámaí iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar atá oiriúnach.

6.2 An Próiseas Measúnaithe

Is éard atá sa phróiseas measúnaithe le haghaidh *Fuaim agus Fís 4* na ceithre chéim a leanas:

6.2.1 Réamh-mheasúnú

Is é cuspóir an réamh-mheasúnaithe a chinntiú go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe le haghaidh maoiniú faoin scéim. Is é an fócas anseo a chinntiú gur baineadh amach na critéir íosta agus gur cuireadh an cháipéisíocht riachtanach go léir isteach. Dícháilítear aon iarratais nach n-éiríonn leo sa chéim mheasúnachta tosaigh agus ní bhíonn siad faoi réir breis breithniú.

6.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar measúnú ar gach iarratas ar a bhfiúntas féin i gcomhthéacs chuspóirí na scéime agus na gcritéir measúnaithe a leagtar amach i dtreoircháipéis an BAI, a foilsíodh d'fhonn tacú le hiarratasóirí agus iad a chur ar an eolas agus iad ag seoladh achainí isteach maidir le *Fuaim agus Fís 4*.

6.2.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina sáraíonn líon na n-iarratas incháilithe an maoiniú atá ar fáil, eagróidh an BAI céim mheasúnachta eile. Díreoidh seo ar chothromaíocht a bhaint amach sa phacáiste foriomlán de thionscadail mhaoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Anuas air sin, déanfar breithniú ar na moltaí le haghaidh na céime cáilíochtúla anseo. Déantar moltaí deiridh a chur faoi bhráid an údaráis, ansin, lena ndaingniú.

6.2.4 Daingniú Foirmeálta

Sa chéim dheiridh, déanann an tÚdarás cinntí deiridh ar na hiarratais, agus tugann said i gcuntas aon mholadh a n-eascraíonn ó na céimeanna measúnaithe roimhe sin.

6.3 An Próiseas Bronnta

Sa chás gur fhaomh an BAI iarratas ar mhaoiniú, beidh na céimeanna a leanas i gceist:

i. Cuireann an BAI an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagtar

amach aon choinníoll/na coinníollacha a bhaineann leis an tairiscint.

ii. Cuirfidh an BAI liosta poiblí ar fáil ar thairiscintí maoinithe a dhaingníonn an tÚdarás.

iii. Ní mór don iarratasóir rathúil dearbhú go bhfuil sé/sí ag glacadh leis an tairiscint mhaoinithe mar aon le haon choinníoll a bhaineann leis ag an BAI.

iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil iontráil i gcomhaontú conarthach leis an BAI, ar na téarmaí a shonraíonn an BAI. I measc na dtéarmaí siúd tá sceideal a bhaineann le tarraingt anuas maoiniú ag iarratasóir.

Riartar cistí ag an BAI i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

Sa chás gur dhiúltaigh an BAI iarratas ar mhaoiniú, cuirtear é sin in iúl d'iarratasóirí ar bhonn aonair agus cuirtear faisnéis ar fáil dóibh ar dhul chun cinn a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Chomh maith leis sin, forbróidh an BAI córas pointe caighdeánaithe d'fhonn cuidiú le measúnú na n-iarratas agus d'fhonn aiseolas a thabhairt d'iarratasóirí.

Ceisteanna Comhairliúcháin

9. Cad é do thuairim faoi oiriúnacht na gcur chuige iarratais agus measúnaithe atá molta sa chuid seo?
10. An gceapann tú go bhfuil sé oiriúnach córas pointí caighdeánaithe a thabhairt isteach agus an dtiocfadh feabhas ar an aiseolas d'iarratasóirí dá bharr?

7. Athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 4*

Amhail a fhoráiltear faoi Alt 158 den Acht Craolacháin, 2009, déanfaidh an BAI athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar *Fuaim agus Fís 4* gach trí bliana, nó ag aon tráth eile a d'fhéadfadh an tAire a iarraidh, agus tuairisc scríofa a dhéanamh don Aire ar an athbhreithniú.

Is é cuspóir an athbhreithnithe sin, rath *Fuaim agus Fís 4* a thomhas i leith a cuid cuspóirí, **tathag na Scéime le linn a saolré agus sa todhchaí a mheas, agus aird á thabhairt ar shíorathrú na meán, na bealaí ina mbíonn daoine ag úsáid na meán agus an chaoi a bhíonn sé seo ag athrú i measc luch féachana/éisteacha in Éirinn, ach go háirithe i measc aon aos óig**. D'fhonn bheith in ann tabhairt faoi athbhreithniú bríoch, déanann an BAI monatóireacht ar gach gné den scéim ar bhonn leanúnach.

Ceisteanna Comhairliúcháin

11. Céard é do thuairim ginearálta maidir leis an bplécháipéis ar *Fuaim agus Fís 4*?
12. An bhfuil aon ábhar eile ann gur cheart a chur san áireamh i scéim *Fuaim agus Fís 4*? Má tá, mínigh d'fhreagra, le do thoil.

8. Aguisín 1 – Creat Reachtaíochta

Forálann an tAcht Craolacháin, 2009 an chreatlach reachtaíochta le haghaidh *Fuaim agus Fís II*. Luaitear thíos na hailt ábhartha den reachtaíocht.

Alt 154(1)

Réiteoidh agus cuirfidh an tÚdarás scéim nó líon scéimeanna faoi bhráid an Aire lena f(h)aomhadh chun cistí a dheonú chun tacú le gach ceann díobh seo a leanas nó le haon cheann díobh:

(a) Cláir nua theilifíse nó chraolacháin fuaime, lena n-áirítear príomhscannáin, beochan agus dráma ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, lena n-áirítear;

(i) Stair (lena n-áirítear stair a bhaineann le ceantair, grúpaí nó gnéithe d'eispéireas, gníomhaíocht nó tionchar ar leith),

(ii) Foirgnimh stairiúla,

(iii) An comhshaol nádúrtha,

(iv) Oidhreacht tíre, tuaithe agus dúchais,

(v) Na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha,

(vi) An Ghaeilge agus

(vii) Eispéireas na hÉireann i gcomhthéacsanna Eorpacha agus idirnáisiúnta,

(b) Cláir nua theilifíse nó chraolacháin fuaime chun feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó na meán,

(c) Cláir nua theilifíse nó chraolacháin fuaime chun feabhas a chur ar litearthacht daoine fásta nó na meán,

(d) Cláir faoi (a), (b) agus (c) sa Ghaeilge.

Alt 154(2)

Ní fhéadfaidh scéim-

(a) Ach cláir theilifíse a chistiú atá faoi fho-alt (1) a chraoltar –

(i) Ar sheirbhís teilifíse saor in aisce a sholáthraíonn clúdach nach mór uilíoch sa Stát, nó,

(ii) Ar sholáthraí oiriúnach líonra nó córas MMD mar chuid de chonradh um sholáthar ábhar pobail faoi Alt 72,

agus a chraoltar le linn na mbuaic-amanna féachana, seachas i gcás clár do leanaí; cláir oideachasúla; nó clár i nGaeilge a chraolann craoltóirí tráchtála agus pobail;

(b) Ach cláir chraolácháin fuaime a chistiú faoi fho-alt (1) a sholáthraíonn seirbhísí craolacháin fuaime faoi chornadh a rinne an tÚdarás nó a oibríonn RTÉ a chraoltar le linn na mbuaic-amanna féachana, seachas i gcás clár do leanaí nó cláir oideachasúla nó clár i nGaeilge a chraolann craoltóirí tráchtála agus pobail.

(c) Cistiú a sholáthar do chláir, a chuirtear le chéile go príomha ar mhaithe le nuacht nó cúrsaí reatha. Alt 154(3). Féadfaidh scéim soláthar a dhéanamh don mhéid a leanas:

(i) Déanamh iarratas ag daoine ar chistiú faoi scéim

(ii) Téarmaí agus coinníollacha ginearálta cistithe, nó

(iii) Go ndíreofar cistiú i mbliain ar leith ar an méid a leanas-

- Aicmí áirithe de chláir theilifíse nó chraolacháin fuaime dá dtagraítear i bhfo-alt (1), lena náirítear ach gan bheith teoranta do chláir de chineál nó d'ábhar sonraithe, nó a chraoltar trí mheán ar leith (lena n-áirítear meáin de chineál áitiúil nó réigiúnach, ar nós teilifís nó raidió pobail) nó,

- Aicmí ar leith de thionscadail dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(e) in Alt 154(4)

Féadfaidh an tÚdarás na téarmaí nó coinníollacha áirithe siúd a cheangal le haon chistiú ar leith a mheasann siad is cuí faoi na cúinsí.

Alt 154(5)

Féadfaidh an tÚdarás, agus scéim á réiteach acu, aird a bheith acu ar riachtanais forbartha craoltóirí pobail.

Alt 154(6)

Beidh aird ag an Údarás, agus scéim á réiteach acu, ar thuiscint agus ar thaitneamh a bhaint as cláir theilifíse faoin Scéim ag daoine atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu.

Alt 155 (1)

Is iad cuspóirí scéime maidir le cláir dá dtagraítear in Alt 154(1)(a) -

(a) Cláir ardchaighdeáin a fhorbairt, bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann,

(b) Na cláir seo a fhorbairt as Gaeilge,

(c) An fháil ar chláir dá dtagraítear in ailt (a) agus (b) a mhéadú don lucht féachana sa Stát,

(d) Ionadaíocht a dhéanamh d'éagsúlacht chultúr agus oidhreacht na hÉireann,

(e) Oidhreacht bhéil na hÉireann agus gnéithe d'oidhreacht na hÉireann a thaifeadadh atá ag imeacht i léig, atá faoi bhagairt, nó nár taifeadadh roimhe seo, agus

(f) Craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt.

Alt 155(3)

Beidh aird ag an Údarás, agus scéim á réiteach acu agus breithniú ar bun acu ar iarratais ar chistiú, ar chuspóirí scéime.

Alt 158(1)

Déanfaidh an BAI athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar scéime tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis an tAcht seo a rith, agus ag gach trí bliana dá éis sin, nó ag aon tráth eile a d'fhéadfadh an tAire a iarraidh, agus tuairisc scríofa a dhéanamh don Aire ar an athbhreithniú.

Cuid 3 - Athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 3*: Príomhmholtaí

Molann an tuarascáil athbhreithnithe go leanfaidh an BAI aghaidh ina ról mar phríomhurraitheoir ar leithdháileadh an mhaoinithe phoiblí do chlárábhair teilifíse agus raidió in Éirinn. Ni mholtar aon athrú a dhéanamh ar an reachtaíocht phríomha, ar a bhfuil an Scéim bunaithe. Dá bhrí sin, baineann na hathraithe molta le feidhmiú na scéime go príomha. Baineann cuid mhaith de na hathraithe leis an brú atá ar an BAI agus ar na hiarratasóirí a laghdú, gan cur isteach ar mhonatóireacht ná ar fhreagracht.

D'ainneoin go bpléitear cáipéis na scéime amháin i rith an chomhairliúcháin seo, níl aon mholadh ábhartha faoi láthair ach amháin iad siúd a phléann cáipéis na scéime. Leagtar amach na moltaí ábhartha do cháipéis na Scéime agus do chur chuigí an BAI i bprionsabal i gCuid 1 thíos. Tá na moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na scéime a bheas idir lámha ag an BAI níos deireanaí i mbliana ar fáil i gCuid 2 thíos.

1. Moltaí ón athbhreithniú a bhaineann leis an gcáipéis Scéime nua molta

1.1 **Athnuachan na Scéime & an Prionsabal *'Digiteach chun tosaigh'***: Moltar an scéim a athnuachan do chúig bhliana eile chun am a thabhairt do *Digiteach chun tosaigh* socrú agus chun athbhreithniú a dhéanamh i gceann trí bhliana ar ábharthacht / oiriúnacht na scéime mar a cuireadh i bhfeidhm í ag an am, sa todhchaí agus breathnófar freisin ar thionchar *Digiteach chun tosaigh* ar an scéim.

Chuir an BAI fáilte roimh an moladh seo, agus dúirt *'gur mheáin chriticiúil iad i gcónaí teilifís agus raidió do mhuintir na hÉireann d'fhonn rochtain a fháil ar ábhair closamhairc, agus tagann formhór an mhaoinithe do chlárábhair Éireannacha i bPoblacht na hÉireann ó chraoltóirí. Mar sin de, agus de bhrí go ndéanfaí scéim chomhchosúil leis seo a mhaoiniú ón táille ceadúnais arís (agus d'fhéadfadh airgead sa bhreis teacht leis sin faoi Threoir athchóirithe ar Sheirbhísí Closamhairc), is cosúil gur bhealach tábhachtach é an craolachán do chláir a fhaigheann maoiniú poiblí* [7]*'.*

Bíonn na meáin ag síorathrú agus bíonn nósanna breathnaithe agus éisteachta an aos óig ag síorathrú ach go háirithe. Is é tuairim an BAI gur ghá don Scéim nua bheith dírithe ar an gcraolachán i bhfianaise torthaí na tuarascála athbheithnithe, ach ní mór di aird a thabhairt ar threochtaí breathnaithe agus éisteachta an aos óig freisin. Moltar, dá bhrí sin, ceadú d'iarratasóirí a n-éiríonn leo cláir a fhoilsiú ar ardáin dhigiteacha sula gcraoltar iad. ('ardáin dhigiteacha chun tosaigh' seachas 'ardáin dhigiteacha amháin'). Mar shampla, d'fhéadfadh podchraoltaí a chur san áireamh d'ábhair raidió. Leagfar amach teorainneacha an phrionsabail seo sna cáipéisí treoracha, má ghlactar leis an moladh seo sa cháipéis chríochnúil don Scéim.

I bhfianaise a luainigh is atá an margadh, ba cheart go gcoinneoidh aon athbhreithniú ar thioncar *Digiteach chun tosaigh* trí bhliana i ndiaidh a chur i bhfeidhm, an BAI ar an eolas maidir le hábharthacht aon Scéim nua agus le haon athchóiriú gur ghá a dhéanamh uirthi chun go bhfanfaidh sí ábhartha.

[7] Mediatique Review Report Sound and Vision 3.

Leagtar amach na gealltanais seo sa doiciméad comhairliúcháin ar *Fuaim agus Fís 4* (ar leathanaigh 14 agus 20).

1.2 **Athstruchtúrú ar Bheartais Choimhdeacha:** D'úsáid an tÚdarás Beartais Choimhdeacha go dtí seo chun tionscadail éagsúla a mhaoiniú agus é mar aidhm aige cuspóirí na Scéime a bhaint amach. Creideann an tÚdarás gur chuí an moladh é go n-athdhírítear tograí mar seo chun baint amach na gcuspóirí (a bhaineann le litearthacht daoine fásta, le litearthacht mheáin agus le saincheisteanna domhanda) a láidriú. Dá bhrí sin, cuireadh cur chuige níos straitéisí i leith tograí dá leithéid leis an Scéim nua (lch. 16).

1.3 **Cóimheas 85%:15% a choinneáil don chraoltóireacht teilifíse le hais na craoltóireachta raidió nach raidió pobail í:** Moltar sa tuarascáil athbhreithnithe go ndéanfadh an tÚdarás a mhachnamh faoi thogra neamhspléach a mhaoiniú don raidió pobail. Tugann sé faoi deara, áfach, go mbeadh gá le pleanáil agus le hullmhúchán suntasach dá leithéid agus dá bhrí sin ní mholtar athrú mar seo a chur i bhfeidhm **ach amháin** i ndiaidh don Údarás dul i mbun comhairliúcháin leis an earnáil raidió pobail agus **nuair atá athrú mar seo praiticiúil**. Agus togra dá leithéid á chur i bhfeidhm, moltar an gealltanas reatha de 85%:15% teilifís le hais raidió a choinneáil. D'fhéadfaí an gealltanas a athrú do bhabhtaí oscailte mar seo: 85%:15% teilifís le hais na craoltóireachta raidió nach raidió pobail í.

Tuigeann an BAI go bhféadfadh struchtúr na mbabhtaí maoinithe don Chlár faoi Scéim nua maoiniú a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí do chraoltóirí pobail agus do na tairiscintí maoinithe níos ísle, amhail iad faoi bhonn €10k a bronnadh ar son léiriúchán ábhar fuaime. Thoiligh an tÚdarás i bprionsabal go bhforbródh sé tograí a thacódh leis an gcraoltóireacht pobail agus áitiúil agus go ndéanfadh sé an méid seo trí dul i gcomhairle leis na craoltóirí iad féin. Déanfar athbhreithniú ar aon togra a fhorbrófar agus déanfar measúnú ar a dtionchair go rialta chun oiriúnacht leithdháileadh an mhaoin ar bhonn 85:15 a chinntiú faoi aon scéim nua. Déanfar machnamh ar an tionchar a imreodh an méid seo ar léiritheoirí ábhair fuaime neamhspleácha, más ann dó. Tá an BAI tiomanta don chur chuige seo i leith na scéime maoinithe na gclár agus léirítear an tiomantas sin ar (lch. 16) den phlécháipéis seo ar *Fuaim agus Fís 4*.

1.4 **Córas pointe caighdeánaithe a chur i bhfeidhm do mheasúnóirí agus do bhall foirne an BAI:** Ceann de na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 3* ab ea Córas pointe foirmeálta a chur i bhfeidhm chun iarratais a mheas agus chun bheith in ann scór iomlán le haghaidh na n-iarratas a sholáthar d'iarratasóirí. Geallann an tÚdarás go n-oibreoidh sé ar bhealach cothrom agus freagrach. Tá an tÚdarás ar an eolas faoi líon na n-iarratas a sheoltar isteach do na scéimeanna maoinithe agus mar sin de, tá sé tiomanta do chóras pointe foirmeálta agus comónta a fhorbairt agus tá an tiomantas seo curtha le *Fuaim agus Fís 4* (lch. 20). Leagfaidh an BAI córas scórála foirmeálta amach níos deireanaí i mbliana agus nuair a aontófar é cuirfear leis an gcáipéisíocht treorach é chun tacú le hoibríochtaí na Scéime nua.

1.5 **Gan athruithe reachtacha a iarraidh (Reachtaíocht phríomha):** Arís, d'fháiltigh an BAI leis an moladh seo agus thug sé faoi deara gur leagadh béim ar rath na scéime reatha, *Fuaim agus Fís 3*, agus a luachmhar is atá sí don earnáil chraolacháin agus do lucht féachana/éisteachta na hÉireann i dtorthaí na tuarascála, atá bunaithe ar Chuid 10 den Acht Craolacháin 2009 (féach Aguisín I le aghaidh sleacht). Dá bhrí sin agus i bhfianaise

a bhfuil bainte amach, meastar go bhfuil an reachtaíocht reatha oiriúnach don chéad scéim maoinithe cláir eile, a mhairfidh cúig bhliana ar fhad.

1.6 **Coinneoidh an BAI a ról mar urraitheoir agus moltóir na scéime**; (ba cheart fanacht oscailte freisin don fhéidearthacht go gceapfaí an BAI chun ról comhchosúil a fheidhmiú i do scéim nua a d'fhéadfadh tabhairt isteach leis an athchóiriú ar AVMSD).

Aithníonn an BAI tábhacht na Scéime agus a thábhachtaí is atá sí do ról an BAI. Sa chomhthéacs seo, d'fháiltigh an tÚdarás le toradh na tuarascála maidir le páirt an BAI i rath na scéimeanna maoinithe do chláir agus leis an moladh gur chóir dó leanúint le bheith ina urraitheoir d'aon scéim maoinithe nua do chláir. Tuigeann an tÚdarás an luach atá ar scéim maoinithe do chláir, scéim a thacaíonn le agus a spreagann cruthaíocht, a aimsíonn talann nua, cláir úrnua agus ilghnéitheacha do lucht féachana/éisteachta na hÉireann agus a shaibhríonn na sceidil chraolacháin agus an t-oidhreacht craolacháin in Éirinn.

Níl aon scéim mar fhreagra ar AVMSD (ar cheart don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a mheas) mar chuid den chomhairliúchán seo.

2. Moltaí ón athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 3* a d'fhéadfaidís tionchar a imirt ar chur i bhfeidhm aon scéim nua

Baineann cuid de na moltaí sa tuarascáil athbhreithnithe ar *Fuaim agus Fís 3* le hoibríocht na scéime maoinithe do chláir. Aontóidh an tÚdarás gach ceann de na moltaí seo agus a aontaíonn sé an cur chuige i leith cur i bhfeidhm na scéime nua. Chun na críche sin, is Scéim an-tábhachtach í seo don Údarás, ní hamháin a luachmhar is atá sí don earnáil chraolacháin agus don earnáil léiriúcháin neamhspleách, ach mar gheall ar an ilghnéitheacht chláir agus na roghanna a sholáthraíonn sí do lucht féachana/éisteacha éagsúla in Éirinn, roghanna Gaeilge san áireamh. Is mian leis an Údarás tógáil ar rath na scéimeanna maoinithe a oibríodh go dtí seo agus geallann sé go gcuirfear i bhfeidhm moltaí na tuarascála athbhreithnithe le linn shaolré na scéime nua. Seo a leanas na moltaí:

2.1 Craoltóirí Pobail a bhaint de bhabhtaí oscailte nuair atá sé praiticiúil déanamh amhlaidh agus Uasteorainn de €750k a chur i bhfeidhm do mhaoiniú do chraoltóirí pobail

Tuigeann an BAI go bhféadfadh struchtúr na mbabhtaí maoinithe do chláir faoin Scéim maoiniú a sholáthar do chraoltóirí pobail ar bhealach níos éifeachtaí agus tá féidearthachtaí á meas ag an BAI ina leith sin. Geallann an BAI leanúint leis an obair seo agus dá bhrí sin tá an gealltanas sin mar chuid den phlécháipéis ar *Fuaim agus Fís 4* (lch. 16). Forbrófar aon phróiseas d'fhonn maoiniú ar bhronnadh ar an earnáil phobail trí dul i gcomhairle leis an earnáil sin. D'ainneoin gur aontaíonn an tÚdarás le toradh an athbhreithnithe maidir le cur chuigí níos fearr ná babhtaí maoinithe bheith ann, go dtí go ndéanfar tástáil ar phróiseas nua agus go nglactar leis, ní féidir leis an Údarás an moladh i leith uasteorann a chur i bhfeidhm do mhaoiniú a sholáthar. Anuas air sin, féadfaidh an earnáil iarratais a dhéanamh do bhabhtaí maoinithe oscailte.

2.2 An Próiseas Iarratais a dhénamh níos éifeachtaí

Geallann an BAI nach gcuirfear aon ualach nach bhfuil gá leis ar iarratasóirí don scéim. Geallann sé cloí lena chuid dualgais chun ionracas airgeadais a chinntiú i leith aon airgead poiblí a chaitear. Déanann an BAI athbhreithniú ar a gcuid próisis ar bhonn

leanúnach chun a chinntiú go mbaintear amach an chothromaíocht seo agus déanfaidh an BAI athbhreithniú ar *Fuaim agus Fís 4* , ar phróisis éagsúla bunaithe ar nádúr an iarratais; Teilifís v. Raidió, mar shampla. Maidir le dréachtú aon cháipéisíocht nua d'iarratais, rachaidh an BAI i gcomhairle le páirtithe a d'fhéadfaidís iarratas a chur isteach chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin bpróiseas iarratais cuí.

2.5 Réamhchóras a chur ar bonn chun iarratais go leor ó pháirtí amháin a láimhseáil

D'fhorbair an BAI córas iarratais ar líne agus ceann de na spriocanna is tábhachtaí a bhí aige ab ea an ualach riaracháin a laghdú d'iarratasóirí. Éiríodh leis an sprioc sin a bhaint amach ar an mórchuid agus leanfaidh an BAI ag cuardach feabhsaithe don chóras agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an réamhchóras cláraithe d'iarratais go leor le linn a athbhreithniú ar an gcóras ar líne níos deireanaí in 2019.

2.6 An méid aiseolais a thugtar d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo a mhéadú

Tá sé mar aidhm ag an BAI feidhmiú ar bhealach cothrom, eolach agus freagreach agus creideann sé go mba cheart aiseolas sonrach a thabhairt do gach uile iarratasóir, má éiríonn leis nó mura n-éiríonn. Ba cheart go réiteofar an cheist seo leis an ngealltanas in *Fuaim agus Fís 4* chun córas scórála caighdeánaithe a thabhairt isteach (lch. 20).

2.7 Leanúint leis na babhtaí dírithe

Tá sé criticiúil d'obair an BAI bheith sách-solúbtha d'fhonn treoir a chur le babhta mar go gceadaíonn sé leis an BAI tuiscint a fháil ar na riachtanais sa sochaí i gcoitinne ag an am sin, amhail an chothromaíocht inscne, taobh thiar de na ceamaraí agus ar an scáileán agus sa todhchaí an bhéim a leagan ar an litearthacht mheáin nó ar athrú aeráide, chomh maithe le heilimintí dá chuid cuspóirí straitéiseacha.

2.8 Luach sonrach a chur ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna agus feasacht ar hathrú aeráide

Pléifear na ceisteanna seo nuair a dhéanann an tÚdarás a mhachnamh faoi na próisis do chur i bhfeidhm *Fuaim agus Fís 4* agus nuair a shocraíonn sé na critéir mheasúnaithe d'aon chóras scórála foirmeálta.

2.9 I dtreo trí bhabhta in aghaidh na bliana

Thug an tÚdarás faoi deara an moladh seo agus chomh maith leis sin go mbeidh ar an BAI roinnt athruithe a dhéanamh chun timthriall babhtaí a chur i bhfeidhm. Ní smaoineoidh an tÚdarás ar an bpátrún timthriallach seo de thrí bhliana ach amháin nuair atá na hathruithe eile curtha i bhfeidhm aige, amhail an próiseas iarratais a dhéanamh níos éifeachtaí agus nuair atá an próiseas maoinithe nua don chraoltóireacht pobail curtha i bhfeidhm.

2.10 Cur chuigí níos foirmiúla i gcomhléirithe drámaíochta a chur i bhfeidhm

2.11 Iarratais do mhaoiniú forbartha a cheadú

2.12 Bainistíocht na bpáirtithe leasmhara a athdhíriú.

Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar a chur chuige straitéiseach do *Fuaim agus Fís 4* le linn na dtrí mhí deireanacha de 2019 agus beidh aird aige ar na trí moltaí sa chomhthéacs sin. Mar chuid de sin, beidh athbhreithniú ar chaidrimh straitéiseacha, plé le léiritheoirí cláir agus le craoltóirí an gá atá le maoiniú forbartha agus plean gníomhaithe

a leagan amach leis na páirtithe leasmhara chun oibríochtaí na scéime agus aon ábhar fócais eile a phlé.

3. Moltaí atá teagmhasach don scéim ach atá fíorthábhachtach d'obair an BAI

Tá dhá mholadh sa tuarascáil athbhreithnithe nach bhfuil baint díreach acu leis an scéim fuaime agus físe, ach tá an dá mholadh seo fíorthábhachtach i gcomhthéacs maoiniú a sholáthar d'ábhair teilifíse agus raidió in Éirinn agus i bhfianaise na meán a bheith ag síorathrú. D'fháiltigh an tÚdarás leis an dá mholadh seo.

3.1 *Coinneoidh an BAI a ról mar urraitheoir agus moltóir na scéime;* ba cheart fanacht oscailte freisin don fhéidearthacht go gceapfaí an BAI chun ról comhchosúil a fheidhmiú i do scéim nua a d'fhéadfadh tabhairt isteach leis an athchóiriú ar AVMSD.

3.2 Ba cheart don BAI leanúint le cás a dhéanamh ar son maoiniú poiblí incriminteach do chláir closamhairc.

Cuid 4 – Ceisteanna Comhairliúcháin

Tá an BAI ag lorg do thuairim ar dhréachtcháipéis na scéime maoinithe do chláir, *Fuaim agus Fís 4.* D'aineoinn go bhfuil sé cheist leagtha amaach ag an BAI d'fhonn faisnéis faoi leith a bhailiú, fáiltíonn muid roimh aon tuairim atá agat maidir leis an dréachtcháipéis.

Cuid	Ceisteanna Comhairliúcháin
Cuid 3 Ról an BAI	1. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige an BAI oiriúnach i gcónaí i gcomhthéacs: a. na cuspóirí na Scéime? b. na Cuspóirí Straitéiseacha an BAI?
Cuid 4 Scóip *Fuaim & Fís 4*	2. An bhfuil tú sásta le scóip na Scéime *Fuaim & Fís 4* atá molta mar atá leagtha amach? Tabhair do réasúnaíocht le do thoil. 3. Céard é do thuairim faoin bprionsabal '*digiteach chun tosaigh*'? 4. Má thacaíonn tú leis, cén chineál cleachtais a d'fhéadfadh an BAI glacadh leo d'fhonn an prionsabal seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach? 5. An gceapann tú go bhfuil sé oiriúnach go ndíreodh an tÚdarás a chur chuige maidir le cur i bhfeidhm beartais choimhdeacha agus go mbeadh níos mó béime ar chuspóirí na scéime; litearthacht daoine fásta, an litearthacht mheáin agus saincheisteanna domhanda? Mínigh d'fhreagra. Má cheapann, cén chineál cleachtais a d'fhéadfadh an BAI glacadh leo d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach? 6. Ar cheart don BAI beartais choimhdeacha ar leith a chruthú chun tacú le a) an chraoltóireacht pobail agus b) an chraoltóireacht áitiúil? Más cheart, dar leat céard é an cur chuige is fearr (nó céard iad na cur chuigí is fearr) do thograí maoinithe dá leithéid. Mínigh do réasúnaíocht, le do thoil.
Cuid 5 Maoiniú	7. An bhfuil tú sásta leis an gcur chuige beartaithe maidir le maoiniú mar atá leagtha amach? An bhfuil aon athruithe ar leith ba chóir a chur san áireamh? Má tá, mínigh d'fhreagra, le do thoil. 8. An aontaíonn tú go bhfuil gá le cur chuigí nua d'fhonn an chraoltóireacht pobail agus áitiúil a fhorbairt? Má aontaíonn, dar leat cén chineálacha cur chuigí atá ann do mhaoiniú na craoltóireachta pobal agus áitiúil anuas ar an moladh chun beartais choimhdeacha nua a chruthú

	(féach ar cheisteanna (5) agus (6) thuas)?
Cuid 6 Iarratas, Measúnú agus Bronnadh an Mhaoinithe	9. Cad é do thuairim faoi oiriúnacht na gcur chuige iarratais agus measúnaithe atá molta sa chuid seo? 10. An gceapann tú go bhfuil sé oiriúnach córas pointí caighdeánaithe a thabhairt isteach agus an dtiocfadh feabhas ar an aiseolas d'iarratasóirí dá bharr?
An cháipéis iomlán	11. Céard é do thuairim ginearálta maidir leis an bplécháipéis ar *Fuaim agus Fís 4*? 12. An bhfuil aon ábhar eile ann gur cheart a chur san áireamh i scéim *Fuaim agus Fís 4*? Má tá, mínigh d'fhreagra, le do thoil.

2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire
2-5 Warrington Place,
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299
E: info@bai.ie
W: www.bai.ie